Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9926/22**

**AGRILEG 90**
**PESTICIDE 18**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 2 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D080353/03 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar carbónáite cailciam, dé-ocsaíde carbóin, ciopróidínile agus hidrigincharbónáite potaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D080353/03.

---

Faoi iamh: D080353/03

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/10182/2022 Rev. 1
(POOL/E4/2022/10182/10182R1-EN.docx) D080353/03
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar carbónáite cailciam, dé-ocsaíde carbóin, ciopróidínile agus hidrigincharbónáite potaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar carbónáite cailciam, dé-ocsaíde carbóin, ciopróidínile agus hidrigincharbónáite potaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás ciopróidínile, leagadh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Liostaítear carbónáit chailciam, dé-ocsaíd charbóin, agus hidrigincharbónáit photaisiam in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 14 Nollaig 2021 ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainn iarmhair Codex ('CXL') nua i gcás ciopróidínil i bpónairí soighe[2].

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, cuirfear san áireamh iad i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí an bhia a chomhlíonadh nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas chun comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí an bhia a chur chun cinn agus a áirithiú ag an am céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

2 Tuarascáil ón 44ú seisiún den Choimisiún Codex Alimentarius (REP21/CAC) https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-44%252FFINAL%252520REPORT%252FRep21_CACe.pdf.

3 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) measúnú ar an CXL a moladh le haghaidh ciopróidínil sna pónairí soighe agus ba é a chonclúid go bhfuil sé sin sábháilte le haghaidh tomhaltóirí san Aontas[4], agus níor chuir an tAontas aon forchoimeádas[5] [6] in iúl don Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí in ndáil leis an CXL molta sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an CXL sin a chur le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar MRL.

(6) Liostaíodh carbónáit chailciam, dé-ocsaíd charbóin, agus hidrigincharbónáit photaisiam go sealadach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 go dtí go gcuirfí meastóireacht orthu i gcrích bíodh sí sin faoi Threoir 91/414/CEE ón gComhairle[7] nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus go dtí go ndéanfaí athbhreithniú orthu i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 396/2005. I gcomhthéacs iarratas a rinneadh ar athnuachan fhormheas na substaintí sin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d’eisigh an tÚdarás conclúidí maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar charbónáit chailciam[9], ar dhé-ocsaíd charbóin[10] agus ar hidrigincharbónáit photaisiam[11]. Ar bhonn chonclúidí sin an Údaráis, ní gá le MRLanna i gcás carbónáit chailciam, dé-ocsaíd charbóin, ná hidrigincharbónáit photaisiam. Dá bhrí sin, is iomchuí na substaintí sin a fhágáil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[12].

(7) Ar bhonn na tuarascála eolaíche agus na gconclúidí ón Údarás, agus na fachtóirí atá ábhartha maidir leis an ábhar atá faoi chaibidil á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe iomchuí ar na MRLanna ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

---

4 Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR). *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(8):6766.

5 Barúlacha an Aontais Eorpaigh maidir le Codex CX/PR 21/52/5(REV): https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FCRDs%252Fpr52_CRD22x.pdf.

6 Tuarascáil ón 52ú seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí REP21/PR: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FREPORT%252FFINAL%2BREPORT%252FREP21_PR52e.pdf.

7 Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

8 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

9 EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2021. Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach charbónáit chailciam. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(4):6500.

10 EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2021. Conclúidí maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach dé-ocsaíd charbóin. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(6):6605.

11 EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2021. Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach hidrigincharbónáit photaisiam. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(5):6593.

12 EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2022. Ráiteas maidir le substaintí gníomhacha i lotnaidicídí nach bhfuil gá le hathbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana ina leith faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022; (20 (01):7061.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*